Clé: Nyajima (2),garpháiste Awut agus Nyibak (5), leis na hainmhithe feirme. Ar Dheis: Ajak lena mac Ngor (8 mí) agus Awut lena gariníon Nyajima (2). Grianghraf: Achuoth Deng

CARGHAS 2021

Scrúdú á Dhéanamh ar Shoiscéal an Domhnaigh leis an Aos Óg

Naisc Churaclaim

Curaclam Réamhscoile & Bunscoile an Oideachais Reiligiúnaigh Chaitlicigh in Éirinn

An Mhoráltacht Chríostaí

- Dínit an Duine
- Teagasc Shóisialta na hEaglaise – Liotúirge & Urnaí
- An Bhliain Liotúirgeach

I nGrá Dé

- An Carghas
- Grá don Chomharsa
- Tráth Liotúirgeach na Cásca

Curaclam an Oideachais Reiligiúnaigh i dTuaisceart Éireann

Taispeáint Dé. Saol Íosa.

- Ministreacht Íosa
- Páis, Bás, agus Aiséirí.

An Eaglais Chríostaí

- Adhradh & Urnaí

An Mhoráltacht Chríostaí

- Meas ar a Chéile
- Meas ar an gComhshaol

Trócaire

TAG: E9

CONAS AN ACMHAINN SEO A ÚSÁID

Le húsáid sa bhaile, ar scoil nó sa pharóiste

Eolas do na ceannairí/oidí/ tuismitheoirí

Moltar an acmhainn a úsáid ar na bealaí seo:

- Ag Aifreann an teaghlaigh
- Le grúpa liotúirge na bpáistí
- Sa bhaile sa chistin
- Sa seomra ranga

Beidh gníomhaíocht ann don cheannaire/ teaghlach/oide gach seachtain i rith an Charghais.

Baineann an acmhainn go díreach le Soiscéal an Domhnaigh i rith an Charghais agus le scéalta Awut agus Ajak ón tSúdáin Theas agus lena muintir, agus iad le sonrú ar an mbosca Trócaire i mbliana.

Beidh Trócaire i mbliana ag tarraingt airde ar thionchar na coinbhleachta ar na teaghlaigh a chónaíonn sa tSúdáin Theas. Tugaimid faoi deara an tacaíocht a thugann na comharsana dá chéile agus an comhoibriú le rath a chur orthu féin ar an drochuair.

Bíonn ar theaghlaigh áirithe sa tSúdáin Theas cur suas leis an imeagla, leis an ocras, agus leis an díshealbhú.

Nuair a dhíshealbhaítear teaghlaigh taobh istigh den tír de bharr na coinbhleachta nó de bharr an ocrais, druideann siad isteach le pobail éagsúla ina gcuireann teaghlaigh eile fáilte rompu, agus cabhraíonn siad agus tacaíonn siad lena chéile. Is féidir suim sna daoine seo a léiriú tríd an urnaí agus trí thacú leo.

Tabhair faoi deara nach bhfuil anseo ach radharc amháin ar an tSúdáin Theas. Déan gach iarracht gan steiréitíopaí diúltacha a threisiú ar bhur mbealach tríd an ábhar.

Goilleann an choinbhleacht agus an bhochtaineacht ar na teaghlaigh seo, ach ní amhlaidh don uile dhuine a chónaíonn sa tSúdáin Theas. Cuir i gcuimhne do chách nach bhfuil anseo ach gné amháin de shaol na Súdáine Theas. Ba mhaith an rud dá bhféadfaí eilimintí deimhneach na tíre a lua nuair is féidir. Tá cuid mhaith tír eile in ilchríoch na hAfraice seachas An tSúdáin Theas. Ná cuir síos ar na teaghlaigh seo go gcónaíonn siad san Afraic. Spreag na daoine sa bhaile, sa pharóiste nó ar scoil, gúgláil a dhéanamh ar an tSúdáin Theas agus cúig fhíoras a lorg mar gheall ar an tír, sula gcuirtear tús le gníomhaíocht ar bith. Cuir béim ar ilchineálacht na tíre, agus ar ghnéithe deimhneacha an chultúir. Cuir na fíorais thuas i gcomparáid le fíorais chomhfhreagracha na hÉireann.

Bí cinnte faoi go gcloítear le treoracha reatha Covid-19 don cheantar sin nuair a bhíonn Scrúdú ar na Soiscéil idir lámha agaibh leis na daoine óga. Bíonn foireann Trócaire ar fáil le comhairle a thabhairt maidir le reáchtáil shlán na n-imeachtaí le do ghrúpa, ag cloí le treoirlínte Covid-19 an rialtais don cheantar. Tá ábhar breise don Charghas; nótaí aithisc, machnaimh, acmhainn don pharóiste, agus Turas na Croise ar fáil anseo.

CÉAD DOMHNACH AN CHARGHAIS

Soiscéal N. Marcas 1:12–15

Téama: Rinne Íosa troscadh 40 lá agus bhí sé á phromhadh. Bhí na haingil ag freastal air.

Sleachta ón Soiscéal

Go luath ina dhiaidh sin, chuir an Spiorad amach faoin bhfásach é agus bhí sé daichead lá san fhásach á phromhadh ag Sátan. Agus bhí sé in éineacht leis na beithígh allta; agus bhí na haingil ag freastal air. Tar éis Eoin a bheith tugtha ar láimh, tháinig Íosa go dtí an Ghailíl ag fógairt Soiscéal Dé agus ag rá: 'Tá an tréimhse caite agus tá ríocht Dé in achmaireacht. Déanaigí aithrí agus creidigí sa Soiscéal.'

Seo é Soiscéal an Tiarna. Moladh duit a Thiarna Íosa Críost.

Tugann Ajak agus a clann (sa ghrianghraf thíos) gach tacaíocht agus aire dá chéile. Tacaíonn Ajak agus a cara Awut lena chéile in am an anró.

Iarr ar an Aos Óg

1) Cad a dhéanaimid mar Chríostaithe i rith an Charghais?
2) An ndéanaimid troscadh inniu mar a rinne Íosa sa Soiscéal seo?
3) Conas mar a léirímid aire dár muintir is dár gcairde? Conas mar a léireoimis aire do na teaghlaigh eile ar fud an domhain?

Grúpghníomhaíocht

Scríobh ar pháipéar croíchruthach, rud amháin is ansa leat a thabharfaidh tú suas don Charghas, nó rud breise a dhéanfaidh tú i rith an Charghais. Scríobh síos rud éigin a thabharfadh an chothromaíocht isteach i saol an duine eile. Cuir ribín ar an bpáipéar agus



croch suas é in áit shuntasach le go meabhrófar duit gach lá, an rud a gheall tú.

Ajak agus na mic, (C-D) Pawany (7), Majak (4), Chiech (6). Grianghraf: Achuoth Deng

DARA DOMHNACH AN CHARGHAIS

Soiscéal N. Marcas 9:2–7

Téama: 'Is é seo mo Mhac muirneach. Éistigí leis!'

Sleachta ón Soiscéal

Sé lá ina dhiaidh sin, rug Íosa leis Peadar, Séamas agus Eoin, agus sheol sé suas iad sliabh ard ar leithligh. Agus tháinig claochlú air os comhair a súl, agus d'éirigh a chuid éadaigh dealrach, iad gléigeal thar cuimse, nach bhfuil úcaire ar domhan a dhéanfadh chomh geal iad. Agus chonacthas dóibh Maois mar aon le hÉilias agus iad ag comhrá leis.

Agus labhair Peadar le hÍosa: 'A Mháistir,' ar sé, 'is maith mar a tharla anseo sinn: déanaimis trí bhothanna, ceann duit féin, ceann do Mhaois agus ceann d'Éilias' - mar ní raibh a fhios aige cad ba mhaith dó a rá óir tháinig uamhan orthu. Agus tháinig scamall ina scáil anuas orthu, agus an glór as an scamall: 'Is é seo mo Mhac muirneach dár thug mé gnaoi: éistigí leis!'

Seo é Soiscéal an Tiarna. Moladh duit a Thiarna Íosa Críost.

Is daoine ar leith iad Ajak agus Awut i saol na bpáistí. Oibríonn na mná go dian le haire a thabhairt dóibh. Déanann na páistí an cineáltas a chúiteamh trí dhul ag lorg uisce do Awut agus Ajak.

Iarr ar an Aos Óg

1) Má bhíonn amhras orainn faoi chúrsaí ar scoil nó sa bhaile, cé a chabhraíonn linn?
2) Cé hiad na daoine speisialta inár saol?
3) An dóigh leat gur cothrom an rud é na páistí a bheith ag fáil uisce?

Grúpghníomhaíocht

Déan imlíne de do láimh ar chairtchlár. Scríobh síos am amháin speisialta a tharla i do shaol, in aice le gach aon mhéar. Ar bhos na láimhe scríobh 'Buíochas le Dia' toisc go gcoinníonn Dia ar bhos a láimhe muid gach lá dár saol – olc, maith nó dona. Is féidir na lámha a chrochadh sa séipéal, ar scoil, nó sa bhaile. Is féidir le daoine óga agus daoine fásta é seo a dhéanamh in éineacht lena chéile.

Páistí ag fáil uisce. Grianghraf: Achuoth Deng

TRÍÚ DOMHNACH AN CHARGHAIS

Soiscéal N. Eoin 2:13–25

Téama: Leagaigí an teampall seo agus i dtrí lá tógfaidh mé suas arís é.

Sleachta ón Soiscéal

Fuair Íosa sa sanctóir lucht ba agus caoirigh agus colmáin a dhíol, agus lucht airgead a mhalartú ina suí ann. Scaip sé airgead an lucht mhalartaithe agus leag sé na boird, agus dúirt sé le lucht na gcolmán a dhíol: "Beirigí na nithe sin as seo agus ná déanaigí teach margaidh de theach m'Athar." Arsa Íosa: "Leagaigí an teampall seo, agus i dtrí lá tógfaidh mé suas arís é."

Fad bhí sé in Iarúsailéim le linn féile na Cásca chreid a lán ina ainm nuair a chonaic siad na comharthaí a bhí á ndéanamh aige. Chreid a lán daoine i cumhacht Íosa.

Seo é Soiscéal an Tiarna. Moladh duit a Thiarna Íosa Críost.

Grán buí agus na pónairí, na barraí is mó a fhásann daoine i ngarraithe na Súdáine Theas. Itheann siad bia fiáin uaireanta, ar nós Kwor. Planda glas duilleogach é.

Iarr ar an Aos Óg

1) Ar ith tú riamh bia a d'fhás go fiáin in Éirinn? (m.sh. sméara dubha)
2) Ar chabhraigh tú sa chistin sa bhaile riamh?
3) Cad a itheann na teaghlaigh sa tSúdáin Theas?

Grúpghníomhaíocht

Is mór an spórt é borróga sí a bhácáil agus a mhaisiú! An bhféadfá borróga sí a bhácáil sa bhaile, ar scoil, nó sa pharóiste? Tá oideas le déanamh anseo. Cuir ceist ar dhuine fásta cabhrú nuair is gá. D'fhéadfaí iad a dhéanamh don Cháisc, más rud é gur éirigh tú as rudaí milse a ithe i rith an Charghais!



Kwor, bia glas duilleogach na Súdáine Theas. Grianghraf: Seán Farrell, Trócaire

BORRÓGA SÍ: OIDEAS

Comhábhar

- 100g siúcra mín
- 100g im an-bhog
- 100g plúr éiritheach
- 2 ubh
- 1 tsp fanaile

Don Reoán

- 200g im an-bhog
- 200g siúcra reoáin
- Dathúchán bia
- Pinsíní/Leamhacháin, 7rl.

Céim 1

- **Iarr ar dhuine fásta** an t-oigheann a théamh ag 180C/160C gás 4. Cuir dosaen cás páipéir i stán 12 borróg.

Céim 2

- Cuir an siúcra agus an t-im an-bhog i mbabhla, agus bíodh sé so-mheasctha. Measc suas agus cuir an plúr isteach beagán ar bheagán de réir a chéile. Lean leis an meascadh.

Céim 3

- Bris na huibheacha isteach i mbabhla eile, agus bain aon phíosa den bhlaosc a thit isteach. Iompaigh isteach sa chéad bhabhla iad. Cuir an fanaile isteach agus measc an comhábhar go léir le chéile.

Céim 4

- Roinn idir na cásanna le spúnóg. Glan an spúnóg le scian. **Iarr ar dhuine fásta** an tráidire a chur san oigheann ar feadh 20 nóiméad.

Céim 5

- Measc an t-im agus an siúcra reoáin i mbabhla le reoán uachtarúil a dhéanamh. Cuir dath leis más maith leat. Cuir barr ar mhála reoáin agus líon leis an reoán é.

Céim 6

- Nuair a bhíonn na borróga déanta, lig dóibh fuarú sa stán. Brúigh reoán amach ar gach borróg ansin, agus maisigh le pinsíní, nó leamhacháin nó pé rud a oireann duit.

Ceist: Ar smaoinigh tú riamh faoi conas a dhéantar an t-arán don Chomaoineach Naofa? Ceistigh duine éigean sa pharóiste faoi i rith na seachtaine seo.

Cabhróidh an nasc seo: https://www.allrecipes.com/recipe/241680/unleavened-bread-for-communion

CEATHRÚ DOMHNACH AN CHARGHAIS

Soiscéal N. Eoin 3:14–21

Téama: Thug Dia a Mhac, ionas go slánófaí an domhan tríd.

Sleachta ón Soiscéal

Óir ghráigh Dia an domhan chomh mór sin gur thug sé a Aonghin Mhic uaidh i dtreo, gach duine a chreideann ann, nach gcaillfí é ach go mbeadh an bheatha shíoraí aige.

Mar gur tháinig an solas isteach sa saol, agus an té a dhéanann an fhírinne, tagann sé chun an tsolais, chun go dtaispeánfaí gur i nDia a rinneadh a ghníomhartha.

Seo é Soiscéal an Tiarna. Moladh duit a Thiarna Íosa Críost.

Labhraítear faoin solas i Soiscéal an lae inniu. Tugtar an solas isteach agus gealtar an saol dúinn nuair a bhímid ag súgradh lena chéile, ag déanamh spraoi, ag seasamh le haghaidh grianghraf.

Iarr ar an Aos Óg

1) Cad iad na cluichí spraoi atá againn?
2) Cad iad na cluichí atá againn a d'fhéadfadh páistí na Súdáine Theas a imirt? (Peil, scipeáil, eitpheil, cispheil).
3) Taobh amuigh de na cluichí, cad eile a thaitníonn linn i rith an lae?

Gníomhaíocht 1

Téigí amach ag siúl agus bíodh tóraíocht na taisce agaibh i dtailte an tséipéil. Féach ar na fuinneoga daite. Cén áit ina mbíonn an sagart ag léamh an tSoiscéil?

Gníomhaíocht 2

Déan fuinneoga daite le cipíní líreacáin.

Leag na cipíní i bhfoirm thriantáin, agus cuir páipéar síoda anuas air. Ceangail téad leis ar an mbarr ionas gur féidir leis a bheith ar crochadh. Tá cabhair ar fáil anseo https://www.wikihow.com/Make-Tissue-Paper-Suncatchers

Nyajima (2) agus Nyibak (5) ag spraoi leis an ngrianghrafadóir. Grianghraf: Achouth Deng

CÚIGIÚ DOMHNACH AN CHARGHAIS

Soiscéal N. Eoin 12:20–33

Téama: Beireann barr breá grá leis. Cé hiad na daoine a lasann an solas ar domhan?

Sleachta ón Soiscéal

Má dhéanann aon duine friothálamh ormsa, leanadh sé mé, agus an áit ina mbímse, is ann a bheidh mo fhriothálaí chomh maith. Má dhéanann aon duine friothálamh ormsa, tabharfaidh m'Athair onóir dó.

Tá an solas agaibh go fóill, tamall beag. Déanaigí siúl fad tá an solas agaibh. Fad tá an solas agaibh creidigí sa solas chun go mbeadh sibh in bhur gclann ag an solas. Labhair Íosa na nithe sin leo, agus d'imigh agus cheil é féin orthu.

Seo é Soiscéal an Tiarna. Moladh duit a Thiarna Íosa Críost.

Iarrann Íosa orainn muinín a bheith againn as solas an tSoiscéil. Cuireann na bratacha daite solas ar ár saol, agus is féidir iad a thabhairt faoi deara i bhfad uainn.

Iarr ar an Aos Óg

1) Cad iad dathanna bhratach na hÉireann?
2) Cad iad dathanna bhratach na Súdáine Theas?

Grúpghníomhaíocht

Tarraing agus dathaigh bratach na Súdáine Theas agus bratach na hÉireann. Is minic a insíonn na dathanna stair na tíre. Tá brí éagsúil le gach dath i mbratach na Súdáine Theas:

Dubh = pobal na Súdáine Theas.

Dearg = dath na fola

Glas = an talamh is an talmhaíocht

Bán = dath na síochána.

Gorm = Abhainn na Níle, foinse na beatha don náisiún ar fad.

Buí = aontas na stát agus dóchas do chách.

Glacann pobal iomlán na Súdáine Theas leis an mbratach, mar shiombail an aontais náisiúnta. Faigh amach ar scoil nó sa bhaile, nó sa pharóiste, mar gheall ar bhrí na ndathanna ar bhratach na hÉireann.



DOMHNACH NA PAILME

Soiscéal N. Marcas 11:1–10

Téama: Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna. Conas mar a dhéanaimid féin an ceiliúradh?

Sleachta ón Soiscéal

Bhí daoine ag triall ar Iarúsailéim le féile na Cásca a chaitheamh ann. Bhí Íosa agus a chairde ar an mbealach chomh maith. Níor shiúil Íosa isteach sa chathair. D'iarr sé ar na cairde dul chuig teach ar leith ina raibh asal óg ann dó. Bhí sé le fáil ar iasacht don lá acu. Nuair a thug na daoine faoi deara go raibh Íosa ag teannadh leo thógadar liú. Bhuail siad na bosa agus chroith siad na géaga pailme. 'Féachaigí – Íosa atá ann', ar siad, 'agus é ar mhuin asail'. 'Is é Íosa ár Rí,' ar siad. Thóg siad na gártha molta dó. 'Thugas faoi deara gur leigheas sé an fear bacach', arsa duine amháin.

'Agus leigheas sé na daill agus na bodhráin chomh maith, agus bíonn scéalta iontacha á rá aige maidir le Dia', arsa an duine eile. Lean an t-asal leis, ag déanamh neamhaird ar an gcallán ar fad. Ach bhí daoine ann nár thaitin an taispeántas seo leo. Bhí ceannairí eaglasta ann nár creid an méid a dúirt Íosa faoi Dhia. Bhí uisce faoi thalamh ar siúl cheana féin le go réiteofaí an fhadhb dóibh agus le go gcuirfí Íosa ó mhaith.

Seo é Soiscéal an Tiarna. Moladh duit a Thiarna Íosa Críost.

I Soiscéal an lae inniu, cuirtear síos ar theacht Íosa go hIarúsailéim

Iarr ar an Aos Óg

1) Cad é an turas is faide a rinne tusa?
2) Arbh fhearr leat siúl nó rith?

Gníomhaíocht

A thug tú faoi deara éagsúlacht na mbóithre in Éirinn? Bíonn bóithre leathan líonta den trácht sna cathracha agus sna bailte móra. Bíonn bóithríní faoin tuath. Bíonn cuid de na bóithre breactha le sclaigeanna, nó bíonn féar ag fás sa lár i gcuid acu. Is mar an gcéanna don tSúdáin Theas.

Bíonn na bóithre is mó sna cathracha agus na bailte móra tarráilte, líonta de bhusanna, carranna, veaineanna, rothair. Ní bhíonn formhór na mbóithre faoin tuath tarráilte. Déan pictiúr den bhóthar is giorra duit agus an radharc atá agatsa air. Iarr ar dhuine fásta cur síos ar bhóthar atá éagsúil ó do bhóthar féin (lána, mótarbhealach, bóithrín) agus tarraing pictiúr de.

Sráidbhaile Lakakudu na Súdáine Theas. Grianghraf: Seán Farrell, Trócaire

DOMHNACH NA CÁSCA

Soiscéal N. Eoin 20:1–9

Téama: Tá Íosa aiséirithe. Déanaimid é a cheiliúradh inniu. Conas mar a dhéanaimid féin an ceiliúradh?

Sleachta ón Soiscéal

Agus an chéad lá den tseachtain tháinig Máire Mhaigdiléana go moch, agus an dorchadas fós ann, chun an tuama agus chonaic sí an liag aistrithe ón tuama. Rith sí ansin agus tháinig sí go dtí Síomón Peadar agus go dtí an deisceabal úd eile ab ionúin le hÍosa. "Thóg siad an Tiarna as an tuama," ar sí leo, "agus níl a fhios againn cár chuir siad é." Amach le Peadar agus leis an deisceabal eile ansin agus chuaigh siad chun an tuama.

Chonaic siad na línéadaí agus an brat a bhí ar a cheann - ní i dteannta na línéadaí a bhí sé, ach fillte in aon áit amháin leis féin. Chonaic siad agus chreid siad. Óir níor thuig siad go fóill an scrioptúr nárbh fholáir é a aiséirí ó mhairbh. D'imigh na deisceabail leo abhaile ina dhiaidh sin.

Seo é Soiscéal an Tiarna. Moladh duit a Thiarna Íosa Críost.

Iarr ar an Aos Óg

1) Cén uair a cuireadh ionadh ort gan choinne?
2) Conas mar a bhí an ceiliúradh?
3) Ar thuig tú gur ceiliúradh é an tAifreann?
4) Cad a bhíonn á cheiliúradh againn ar Aifreann?

Gníomhaíocht

Déan cárta Cásca don teaghlach le taispeáint dóibh gur mhaith leat aiséirí Íosa a cheiliúradh.

Guigh ar son Awut, Ajak agus an dá chlann

A Dhia Grámhar,

Guímid ar son teaghlaigh na Súdáine Theas. Is aon chlann amháin Dé muid.

Guímid ar son Awut agus Ajak agus a gclann atá le sonrú ar bhosca Trócaire i mbliana. Is cuma muid a bheith sean nó óg, ard nó íseal, is cuma cá gcónaímid, is tusa a chruthaigh gach duine againn.

Cabhraigh linn pé maoin atá againn a roinnt, bíodh sé mór nó beag, ionas go gcruthófar saol cóir ionann ar domhan.

Cabhraigh linn a bheith ag obair go dian in éineacht lenár ndeartháireacha is ár ndeirfiúracha ar fud an domhain leis an gceartas domhanda a thógáil, agus lenár n-aislingí féin a chur i gcrích. Amen.

Paidir le Colm Hogan, Trócaire

Tá breis acmhainní, nótaí aithisc, Turas na Croise, machnaimh, grianghraif agus físeáin ar fáil anseo

Tá acmhainní don oideachas forbartha, don luath-óige agus don Bhunscoil chomh maith, ar fáil anseo

Bí linn ar:

Facebook: facebook.com/trocaireireland
– bí i dteagmháil

Twitter: twitter.com/trocaire
– na tvuíteanna is déanaí

YouTube: youtube.com/trocaire
– tacaíonn sibh leosan

Vimeo: vimeo.com/trocaire
– féach ar na físeáin

Instagram: instagram.com/trocaireonline
– grianghraif agus físeáin

Acmhainn curtha ar fáil ag Foireann Eaglasta Trócaire, 2021. Údar: Colm Hogan.

Déan teagmháil linn:

Trócaire, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, Éire
F: +353 (0)1 629 3333
R: colm.hogan@trocaire.org

Trócaire, 50 Sr. an Rí
Béal Feirste BT1 6AD,
Tuaisceart Éireann
F: +44 (0) 28 90 808 030
R: infoni@trocaire.org

Trócaire, 9 Sr. an Chócaigh,
Corcaigh, Éire
F: +353 (0)21 427 5622
R: corkcentre@trocaire.org

www.trocaire.org

Glacann Trócaire go mór chugainn féin na dualgais atá orainn maidir le do shonraí pearsanta, agus táimid tiomanta chuige, cloí leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí, siad sin An tAcht um Chosaint Sonraí 1988–2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS – uathrialaithe i mballstáit AE Bealtaine 2018). Le breis eolais a fháil maidir leis an mbealach ina ndéanaimid do chuid sonraí a phróiseáil is a chosaint, téigh chuig trocaire.org/privacy-security nó is féidir cóip den ráiteas príobháideachta a lorg uainn.

Irish Aid

Aithníonn Trócaire go buíoch an tacaíocht a thugann Cúnamh Éireann dúinn agus a chuireann ar ár gcumas imeachtaí Oideachas Forbartha agus Rannpháirtíocht an Phobail a chur ar fáil in Éirinn. Tá an fhreagracht ar na húdair as an ábhar, as na bealaí oibre agus as na gníomhaíochtaí a léirítear san acmhainn seo, agus ní gá go mbeidís ag réiteach le polasaithe Cúnamh Éireann.

Trócaire

TAG: E9